Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Cruinniú Bord Bainistíochta 5ú Deireadh Fómhair 2020

1.

Do dhein an cathaoirleach seasamhach buíochas a ghabháil le Rosie Uí Bhuachalla as a cuid oibre mar Chathaoirleach le dhá bhliain anuas. Dhein sé tréaslú le pobal na scoile chomh maith céann, na múinteoirí gach go háirithe, as na dúshláin a bhaineann le Covid 19 a láimhseáil go héifeachtach agus go leanúnach, ag tabhairt aire do dhaltaí na scoile.

2.

Rún buíochais le: Áine Ní Chuáin a d'éirigh as a post.

3. An halla spóirt: rún tógtha go bhfuil díomá ar an mBord, fiú gur am éigeandala atá sa tír faoi láthair. Moladh go scríobhfaí an Rúnaí chuig BOOC chun an cás a bhrostú agus an géarghá le halla mór a chur in iúl arís.
4. AT 2020: na Gráid Ríofa ar lean. Bainteach linn fós (scrúduithe le n-eagrú, tacú le iarscoláirí, na himpleachtaí do 2021).
   Measúnuithe Rangbhunaithe leasaithe, plean i bhfeidhm chuige seo. Inseirbhís ar líne anois.
   An Idirbhliain: ag obair leo, dul i dtaithí ar na srianta.

   Go leor ceannaithe do Covid 19, tuilleadh le fáil: Ceannaithe:

   Troscán, Peirspéacs, Málaí, Scáthláin, Doirtil, Bínsí, Spéaclaí, Crúcaí srl.

   Le fáil fós:

   Pubaill, Aerú sna seomraí.

   Iarratas á úllmhú do BOOC.

Dáta Aontaithe don Chéad Chruinniú Eile: 30-11-20